Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

11579/25

LIMITE

UD 159
COEST 578
CID 4
TRANS 304

PUBLIC

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0208 (NLE)

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| An: | 17 Meán Fómhair 2025 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh le Coinbhinsiún i dtaca le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin sin agus a mhéid a bhaineann le glacadh na gcinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach tar éis do Phoblacht na Moldóive agus do Mhontainéagró aontú don Choinbhinsiún sin<br>- Glacadh |

1. An 11 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh (AE) sa Chomhchoiste AE-Tíortha Comhchoiteanna Idirthurais (TCI) a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i dtaca le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin sin agus a mhéid a bhaineann le glacadh na gcinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach tar éis do Phoblacht na Moldóive agus do Mhontainéagró aontú don Choinbhinsiún sin[1], bunaithe ar Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

[1] 11545/25 + ADD 1

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra agus, tar éis nós imeachta i scríbhinn, thángthas ar chomhaontú an 18 Iúil 2025 maidir leis an téacs mar a leagtar amach in 11552/25 é.

3. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú;
- a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh, mar a leagtar amach in 11565/25 + ADD 1 é, (an téacs arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga) a ghlacadh mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

4. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus tarchuirfear an Cinneadh chuig Parlaimint na hEorpa.

PUBLIC